



**An Garda Síochána**  
JOIN THE TEAM TODAY

LÉIGH É SEO GO CÚRAMACH, LE DO THOIL, SULA NDÉANANN TÚ IARRATAS

**Iomaíocht Oscailte do Cheapachán le Ról:  
Cúntóir Lónadóireachta i gColáiste an Gharda Síochána, an  
Teampall Mór, Contae Thiobraid Árann**

HRD\_37D-385995/22

Lorgaíonn an Garda Síochána Cúntóir Lónadóireachta a fhostú ag Coláiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór, Contae Thiobraid Árann agus painéal a bhunú do phoist áirithe inlíonta lánaimseartha agus pháirtaimseartha amach anseo.

**Dáta Deiridh: 5pm Dé hAoine, an 2, Méan Fómhair, 2022**

**Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha.**

Tá an Garda Síochána tiomanta do bheartas comhdheiseanna.

**THE DIFFERENCE IS YOU**

## Cúntóir Lónadóireachta sa Gharda Síochána

### Léargas Ginearálta ar Choláiste an Gharda Síochána

Is é Coláiste an Gharda Síochána an t-ionad náisiúnta oiliúna, forbartha agus foghlama póilíní laistigh de Stát na hÉireann. Struchtúr nua-aimseartha campais é atá leagtha amach ar achar ocht n-acra. Is éard atá sa champas, arb áis oiliúna cónaithe a tógadh le sainchuspóir é, ná ceithre léachtlan, 17 seomra ranga, áiseanna TF, seomra bréagach cúirte, áiseanna tástála fisiciúla, leabharlann, limistéar staidéir, agus bialann ina bhfuil 400 suíochán. Tá cóiríocht ann do 493 duine agus tá 240 acra breise de thalamh neamhforbartha ar fáil do chleachtaí oirbheartaíochta agus oiliúna oibríochtúla.

Mar Chúntóir Lónadóireachta, beidh tú freagrach as an méid seo a leanas: Cabhrú le béilí agus deochanna a ullmhú agus a dháileadh ar chustaiméirí. A chinntiú go bhfuil na limistéir chistine, sheirbhíse agus shuíochánra glan agus slachtmhar. A chinntiú go gcloítear le rialacháin sláinte agus sábháilteachta.

Tuairiscíonn an Cúntóir Lónadóireachta leis an mBainisteoir Lónadóireachta, Bialann Choláiste an Gharda Síochána.

### Freagrachtaí Cúntóir Lónadóireachta:

- Cabhrú le buntascanna ullmhaithe sláinteachais bia, sneaiceanna, ceapairí etc., faoi mar a theastaíonn, a ullmhú.
- Cabhrú le soláthairtí cistine a stóráil agus a dháileadh.
- Limistéar an chuntair a ullmhú agus cabhrú le seirbhísí cuntair.
- Deochanna a ullmhú agus a dháileadh, faoi mar a theastaíonn.
- An scipéad airgid a oibriú.
- Leanúint le hardchaighdeán sláinteachais a bhaint amach sa limistéar ar féidir é/í a shannadh dó ó thráth go chéile.
- A chinntiú go mbaineann an tseirbhís a sholáthraítear d'oiliúnaithe, an fhoireann agus cuairteoirí an caighdeán is airde amach.
- Miasa a bhailiú agus na gréithe a ní.
- An chistin a ghlanadh, fearais chistine, trealamh, dromchlaí oibre, urláir agus ballaí san áireamh a ní.
- A chinntiú go mbaintear úsáid bharainneach as na hábhair ghlantacháin go léir.
- Na limistéir bhia agus bhuifé a réiteach de réir threoracha an bhainisteora lónadóireachta.
- Beartais Sábháilteachta, Sláinte agus Leas ag an Obair a chur i bhfeidhm agus bheith ar an eolas ar Rialacháin an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Feidhm Ghinearálta), 2007 (arna leasú).
- Cabhrú le himeachtaí/ócáidí speisialta.
- Freastal ar chúrsaí oiliúna faoi mar a theastaíonn.
- Caighdeán maith sláinteachais phearsanta a bhaint amach i gcónaí.
- Aon dualgais eile a bhaineann leis an bpost, faoi mar is féidir leis an mBainisteoir Lónadóireachta a shannadh.

Ní bheartaítear gur liosta cuimsitheach atá sa Sainchuntas Poist thuas de na dualgais go léir a bhaineann agus, dá réir sin, d'fhéadfadh go mbeadh ar an sealbhóir poist dualgais eile a dhéanamh a bhaineann go cuí le post cúntóir lónadóireachta.

#### Critéir Bhunriachtanacha:

- Eolas fóna ar rialacháin Sláinteachais agus Sláinte agus Sábháilteachta Bia.
- Bheith in ann oibriú i dtimpeallacht a fheidhmítear ar luas tapa.
- An cumas chun oibriú mar chuid d'fhoireann.
- Scileanna éifeachtacha cumarsáide agus seirbhíse do chustaiméirí.

#### Critéir Inmhianaithe:

- Taithí ar oibriú sa tionscal lónadóireachta

**Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach dtugtar le fios go sásaíonn siad na critéir cháilitheachta díreach mar gheall gur tugadh cead isteach chuig an iomaíocht dóibh. Ar an ábhar sin, ba cheart d'iarrthóirí a shásamh dóibh féin go sásaíonn siad na critéir cháilitheachta don iomaíocht seo.**

Seo a leanas ráta pá an CRI don phost Cúntóir Lónadóireachta, amhail ón 1 Feabhra, 2022:  
Gach Seachtain

€478.77, €511.15, €528.57, €545.08, €568.42, €592.21, €616.02, €633.12, €652.51, €669.56, €691.84, €713.68, €735.50, €758.70, €780.52

Breisiú Fadseirbhíse 1 €802.82 Breisiú Fadseirbhíse 2 €825.10

Baineann ráta pá an CRI nuair a bhíonn ar an duine aonair a Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin (tugtar ranníocaíocht phríomhscéime air freisin) a íoc i gcomhréir le rialacha a bpríomhscéime aoisliúntais/ a scéime pearsanta aoisliúntais. Ní hionann seo agus ranníocaíocht maidir le ballraíocht de scéim Céilí agus Leanaí, nó na Ranníocaíochtaí Breise Aoisliúntais (ASC).

Beidh ráta éagsúil i gceist nuair nach bhfuil ar an gceapaí Ranníocaíocht Pinsin Phearsanta a íoc. Féadfaidh breisithe fadseirbhíse a bheith iníoctha i ndiaidh seirbhís shásúil ar uasmhéid an scála.

#### Nóta Tábhachtach:

Déanfar íocaíocht gach **seachtain** i riaráistí trí Ríomhaistriú Airgid (EFT) isteach i rogha cuntas bainc oifigigh. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí gur cuireadh uimhir chuntas bainc agus cód sórtála bainc ar fáil don Stiúrthóireacht Acmhainní Daonna, Teach Áth Luimnigh, Baile Sheáin, An Uaimh, Contae na Mí, C15 ND62.

Déanfar asbhaintí reachtúla ó thuarastal, faoi mar is cuí.

#### Aois

Seo a leanas na riachtanais cháilitheachta maidir le haois ag an dáta deiridh chun iarratais a fháil don phost seo;

- is é an riachtanas aoise íosta d'iarratasóir féideartha 18 mbliana;

- ball de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí a bheidh sa cheapaí, faoi mar a shainmhínítear san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.  
Tá scor éigeantach ar 70 bliain d'aois a bhaint amach faoin Scéim.

### **Sláinte**

Sula nglacfar leis/léi mar dhuine oiriúnach lena c(h)eapadh, caithfidh an ceapaí critéir áirithe a shásamh, oiriúnacht maidir le sláinte san áireamh. Tá an dualgas ar an gceapaí a n-oiriúnacht a dhearbhu, chomh fada agus is eol dóibh agus a chreideann siad, maidir lena stádas sláinte, agus iarrfar ar an gceapaí, ina leith seo, ráiteas féindearbhairthe sláinte a líonadh. Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfaí an ceapaí a dhícháiliú ón gcomórtas agus/nó go bhféadfaí deireadh achomair a chur lena gceapachán le/lena bhfostaíocht sa phost de bharr aon mhíríteas, aon ráiteas neamhiomlán agus/nó aon dearbhuithe bréagacha.

### **Láthair**

Tá an post atá le líonadh faoin iomaíocht seo lonnaithe i gColáiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór, Mana Theas, Contae Thiobraid Árann.

### **Tionacht**

Le post Cúntóir Lónadóireachta neamhbhunaithe atá an ceapachán. Post lánaimseartha neamhbhunaithe é seo.

### **Uaireanta freastail**

Socrófar uaireanta freastail lánaimseartha faoi láthair ó thráth go chéile agus tá glanmhéid 39 uair an chloig sa tseachtain i gceist leo faoi láthair, ó Luan go hAoine.

### **Saoire Bhliantúil**

Is í an tsaoire bhliantúil a chuirtear ar fáil d'fhostaithe Tionsclaíocha Stáit an tsaoire chaighdeánaithe 25 lá, Aoine an Chéasta san áireamh

### **Dualgais**

Beidh ort tabhairt faoi aon dualgais eile a shannfar duit ó thráth go chéile, faoi mar is cuí le post Cúntóir Lónadóireachta. Ní féidir leat tabhairt faoi chleachtas príobháideach nó baint a bheith agat le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar fheidhmiú dualgas oifigiúil.

### **NÓTA GINEARÁLTA – beidh ar an iarratasóir rathúil/na hiarratasóirí rathúla tabhairt faoi Ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána sula gcuirfidh siad tús le fostaíocht.**

### **Ceanncheathrú**

Coláiste an Gharda Síochána, an Teampall Mór, Contae Thiobraid Árann.

Caithfidh iarratasóirí an méid seo a leanas a chur san áireamh lena bhfoirm iarratais:

- Cóip shoiléir dá gCeadúnas Tiomána nó pas; (teastaíonn seo leis an riachtanas bunriachtanach cáilitheachta a dheimhniú, le haois a dheimhniú maidir leis na teorainneacha aoise agus le haitheantas a dheimhniú má éiríonn lena gceapadh)
- Cóip shoiléir dá gCead Fostaíochta, más infheidhme. (Teastaíonn cead fostaíochta chun oibriú in Éirinn ó náisiúnach neamh-LEE, murach go bhfuil siad díolmhaithe). Má theipeann ort an fhianaise dhoiciméadach sin a sholáthar nuair a iarrtar, b'fhéidir go ndéanfar thú a dhícháiliú ón iomaíocht.

## FÓGRA TÁBHACHTACH

Is éard atá sa mhéid thuas ná príomhchoinníollacha seirbhíse agus ní bheartaítear go mbeidh an liosta cuimsitheach de na téarmaí agus coinníollacha fostaíochta go léir i gceist leis a leagfar amach sa chonradh fostaíochta lena gcomhaontófar leis an iarrthóir rathúil/na hiarrthóirí rathúla.

Iarratais agus an Próiseas Roghnúcháin

### Conas Iarratas a Dhéanamh

Tabhair do spéis le fios, le do thoil, tríd an iarratas a líonadh agus é a sheoladh chuig [college.hr@garda.ie](mailto:college.hr@garda.ie)

Nó seol sa phost é chuig An Oifig Acmhainní Daonna, Coláiste an Gharda Síochána, An Teampall Mór, Contae Thiobraid Árann faoi **5pm an 2, Méan Fómhair, 2022**. Iontráil **Cúntóir Lónadóireachta**, le do thoil, i mbarra ábhair do ríomhphoist.

## Dáta Deiridh

Is é an dáta deiridh d'iarratais: **5pm Dé hAoine, an 2, Méan Fómhair, 2022**

### Ní ghlacfar le hiarratais a gheofar i ndiaidh an dáta deiridh.

## Cumarsáid

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go n-eiseofar an chumarsáid go léir a bhaineann leis an iomaíocht seo, na torthaí a chuirfear ar fáil san áireamh, ar ríomhphoist amháin. Ba cheart d'iarrthóirí a chinntiú go gcuirtear seoladh ríomhphoist bailí agus sonraí teagmhála bailí ar fáil ar a bhfoirm iarratais agus ba cheart dóibh an seoladh ríomhphoist sin a sheiceáil ar bhonn rialta.

## Gearrliostú

De ghnáth, faightear níos mó iarratas ar phost ná mar a theastaíonn chun folúntais reatha agus amach anseo sa phost a líonadh. Cé gur féidir le hiarrthóirí riachtanais cháilitheachta na hiomaíochta a shásamh, más amhlaidh a bhíonn na líonta a chuireann isteach ar an bpost nach mbeadh sé praiticiúil agallamh a chur ar gach duine, féadfaidh an Garda Síochána a chinneadh go nglaofar líon níos lú daoine chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnaithe. Ina leith seo, déanfaidh an Garda Síochána soláthar do ghlacadh le próiseas gearrliostaithe chun grúpa a roghnú ar dealraitheach gurb iad is oiriúnaí don phost. Ní thugann seo le fios nach bhfuil iarrthóirí eile mí-oiriúnach nó nach bhfuil ar a gcumas tabhairt faoin bpost, ach ina ionad sin, gurb ann do roinnt iarrthóirí ar dealraitheach go bhfuil siad cáilithe níos fearr agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu.

Féadtar a áireamh leis na critéir ghearrliostaithe na critéir bhunriachtanacha agus inmhianaithe a shonraítear don phost. Is fiú duit, ar an ábhar sin, cuntas mionsonraithe agus cruinn a sholáthar ar do cháilíochtaí/thaithí féin i d'iarratas.

## Dearbhú

Beidh ar iarratasóirí a dhearbhú cé acu an raibh nó nach raibh siad rannpháirteach roimhe seo i scéim Seirbhíse Poiblí nó de luathscor dreasaithe. Beidh ar iarratasóirí aon teidlíochtaí do shochar pinsin Seirbhíse Poiblí a dhearbhú (atá á n-íoc nó atá á gcaomhnú) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile agus/nó sa chás go bhfuair siad foaíocht ina ionad maidir le seirbhís in aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí.

## Eolas Tábhachtach eile

### Eolas Ginearálta

Ní bheidh an Garda Síochána freagrach as aon chostais a aisíoc a thabhaíonn iarrthóirí.

Cuirfear poist ar tairiscint in ord do na hiarrthóirí siúd a bhaineann an marc is airde amach in ord foriomlán fiúntais a chuirfear le chéile i ndiaidh na n-agallamh, i.e. déanfar post a thairiscint do na hiarrthóirí a bhain an marc is airde amach, duine i ndiaidh duine.

Níor cheart glacadh leis, má cheadaítear do dhuine cur isteach ar iomaíocht, nó má thugtar cuireadh dó/di freastal ar agallamh, nó má fhaigheann sé/sí litir ina dtugtar le fios gur éirigh leis/léi, go bhfuil an Garda Síochána sásta go gcomhlíonann an duine sin na riachtanais.

Sula molfar aon iarrthóir lena c(h)eapadh leis an bpost seo, déanfaidh an Garda Síochána na fiosrúcháin go léir siúd a mheastar is gá, e.g. sláinte, carachtar, teistiméireachtaí fostóra, seiceálacha slándála, grinnfhiosrúchán san áireamh, nó aon fhiosrúcháin eile a mheastar is gá le hoiriúnacht an

iarrthóra sin a dheimhniú. Ní féidir cinntiúchán deiridh a dhéanamh go dtí go mbíonn gach céim den phróiseas earcaíochta tugtha chun críche go hiomlán ná ní féidir a mheas nó a cheapadh go ndearnadh an cinntiúchán sin.

### **Ceapacháin ó phainéil**

Bunófar painéal óna ndéanfar ceapachán agus ónar féidir folúntais amach anseo a líonadh. Ní chinntítear go gceapfar thú le post díreach mar gheall go gcáilíonn tú agus gur cuireadh thú ar phainéal. Beidh an painéal i bhfeidhm ar feadh 2 bhliain.

### **Tréimhse Phromhaidh**

Beidh an ceapachán faoi réir tréimhse phromhaidh 12 mhí agus is féidir í sin a shíneadh faoi chúinsí áirithe. Le bheith fostaithe sa phost, tar éis gur ceapadh iad, beidh ar an gceapaí a bheith in ann riachtanais an phoist a chomhlíonadh go sásúil agus tabhairt faoi na dualgais faoi mar a ordáítear.

### **A mheas gur aistarraingíodh iarrthóireacht**

Ní bheidh aon éileamh breise ag iarrthóirí go ndéanfar breithniú orthu nuair nach bhfreastalaíonn siad ar agallamh san áit agus ag an tráth a iarrtar orthu amhlaidh a dhéanamh, nó nach soláthraíonn an fhianaise sin a lorgáítear maidir le haon cheist a bhaineann lena n-iarrthóireacht.

### **Tairiscint cheapacháin a dhiúltú**

Sa chás go ndiúltaíonn an duine a mholtar do cheapachán, nó i ndiaidh glacadh leis, sa chás go dtugann sé/sí an post suas, féadfaidh Acmhainní Daonna an Gharda Síochána, faoina lánrogha, duine eile a roghnú agus a mholadh do cheapadh bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnaithe seo.

### **Rúndacht**

Is féidir le hiarrthóirí súil a bheith leis go gcaitear le gach fiosrúchán, iarratas agus gach gné de na himeachtaí faoi rún daingean faoi réir fhorálacha an Achte um Shaoráil Faisnéise, 2014.

Baintear míreanna áirithe faisnéise, nach mbaineann go sonrach le haon duine aonair, ó thaifid ríomhaire ar mhaithe le cuspóirí ginearálta staitistiúla.

### **Trealamh Taifeadta a Úsáid**

Ní cheadaíonn an Garda Síochána úsáid gan chead a bhaint as aon saghas trealamh taifeadta ina áitreabh. Baineann seo le haon fhoirm de thaifeadadh fuaimne agus aon saghas taifeadta grianghraif nó fístaifeadadh, cibé acu má áirítear nó mura n-áirítear taifeadadh fuaimne leo, agus áirítear leis seo freisin aon saghas gléis a úsáidtear ar na cuspóirí seo. Caithfidh aon duine ar mian leo aon trealamh den saghas sin a úsáid ar aon chinn de na cuspóirí seo cead scríofa a lorg roimh ré. Tá an beartas seo i bhfeidhm chun príobháideacht na foirne agus custaiméirí agus iomláine ár n-ábhair mheasúnaithe agus ár bpróiseas measúnaithe a chosaint. Sáraíonn úsáid gan chead a bhaint as trealamh taifeadta ag aon duine an beartas seo.

### **An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (an RGCS) agus an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018.**

Ní phróiseálfar sonraí pearsanta a sholáthraíonn iarrthóirí ach ar na cuspóirí a shonraítear sa cháipéis seo, agus laistigh de bhonn dleathach a shainítear go soiléir faoin Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (AE) (an RGCS) ((AE)2016/679) agus na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988/2018.

Cuirfear gach beart i bhfeidhm lena chinntiú go mbíonn sonraí pearsanta á gcoimeád sábháilte agus slán, agus ní phróiseálfar ach sonraí pearsanta ábhartha. Ní choimeádfar sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá chun an cuspóir dá bhfuarthas iad a bhaint amach.

### **Stocaireacht**

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go gcuirtear cosc ar an méid seo a leanas a dhéanamh, go díreach nó go hindíreach:

- Stocaireacht maidir leis an bpróiseas:
- Pearsanú ar iarrthóir ag aon chéim den phróiseas;
- Tionchar a imirt ar chinneadh a dhéanann duine ar bith maidir leis an bpróiseas; nó
- Cur isteach ar nó baint den phróiseas ar bhealach ar bith.